Feidhm: **Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine an mbreathnaíonn siad ar an teilifís go minic agus ag freagairt na ceiste sin**
Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine an dtaitníonn cineál áirithe cláir leo agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 14.1 agus Bileog 14.2

- Bíodh cóip agat de sceideal chláracha teilifíse TG4 as *Foinse* do gach duine sa rang.
- Scaip **Bileog 14.1** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad trí chlár ón sceideal a roghnú le cur faoi gach teideal sna boscaí.
- Bí tú féin thart le cuidiú leo le focal ar bith nach bhfuil ar eolas acu. Bí cinnte chomh maith go bhfuil na focail sna boscaí ar eolas acu.
- Tabhair seans do gach beirt an cheist - *An mbreathnaíonn tú ar an teilifís go minic?* - a chur ar a chéile. Cuir béim arís anseo ar an tábhacht a bhaineann le freagraí 'yes/no'. Tá sé nádúrtha sa Ghaeilge an freagra gonta a thabhairt ar dtús agus ansin is féidir leanúint ar aghaidh leis an fhreagra a fhorbairt. Mar shampla:

  - *An mbreathnaíonn tú ar an teilifís go minic?*
  - *Breathnaím. Breathnaím ar an teilifís gach tráthnóna tar éis mo chuid oibre.*

- Nuair atá an cheist curtha acu ar a chéile cuir thusa an cheist ar gach duine sa rang.
- Seans atá anseo do na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar an chanúint atá acu féin. B'fhéidir go bhfuil an briathar – *féach ar* – ag cuid de na foghlaimeoirí. Tabhair seans dóibh plé beag a dhéanamh ar an taithí atá acu ar na canúintí éagsúla. Déan plé leis an rang ar fad faoi seo.
- Iarr orthu ansin tamall a ghlacadh le liosta a dhéanamh de na tuairimí (diúltacha, dearfacha agus idir dhá chomhairle) is féidir a bheith ann maidir le cur síos a dhéanamh ar an teilifís. Mar shampla:

  Is breá liom na sobail.
  Tá dúil mhór agam sna sobail.
  Is maith liom iad anois agus arís.
  Níl cailleadh orthu.
  Tá siad ceart go leor.
  Is cuma liom faoi na sobail.
  Ní chuireann siad amach nó isteach orm.
  Ní bheinn goidte leo.
  Is am amú iad na sobail.
  Ní maith liom iad ar chor ar bith.
  Cuireann siad isteach go mór orm.
  Tá an ghráin agam ar na sobail.
  Is fuath liom iad!

- Is é an bealach coitianta eile leis an cheist – *An maith leat rud éigin?* - a chur ná:

An dtaitníonn na sobail leat? Taitníonn/Ní thaitníonn.

- Scaip **Bileog 14.2** ar an rang agus iad ina mbeirteanna go fóill.
- Mínigh dóibh go bhfuil ceithre shainmhíniú ag barr an leathanaigh agus go gcaithfidh siad na haidiachtaí a cheangal leis na sainmhínithe.

Freagraí:

- *Nuair nach bhfuil aon spraoi ag baint leis an chlár seo, thiocfadh leat titim i do chodladh!* ***Leadránach, fadálach.***

- *Nuair a bhíonn tú sna trithí gáire.* ***Greannmhar.***

- *Nuair is féidir leat a rá gur fhoghlaim tú rud nua ón chlár.* ***Oideachasúil, suimiúil, spéisiúil.***

- *Nuair nach gcreideann tú aon rud sa chlár agus ní clár grinn é ach an oiread. Is minic gur féidir é seo a rá faoi shobail.* ***Áiféiseach, amaideach, áibhéalach.***

- Tabhair seans do gach beirt ansin plé a dhéanamh ar chláir a bhféadfaí na haidiachtaí thuas a chur leo. Mar shampla:

    - *Sílim go bhfuil an clár réaltachta Big Brother chomh hamaideach agus chomh háiféiseach sin.*
    - *Tá, agus tá an clár sin chomh leadránach freisin.*

- Iarr ar chúpla duine sa rang ansin cur síos beag a dhéanamh os comhair an ranga ar chlár amháin teilifíse.
- Sula gcuireann tú iad ag obair ar na ceisteanna le plé iarr orthu an Béarla ar na focail/téarmaí sa bhosca a chur ar fáil.

Freagraí:
Teilifís chábla – cable TV
Teilifís dhigiteach – digital TV
Teilifís scáileáin chomhréidh – flat screen TV
Teilifís ardghléine – high definition TV
Teilifís dhaite – colour TV

- Nuair atá na téarmaí pléite cuir ceathrar i ngach grúpa agus iarr orthu na ceisteanna ar fad faoi chúrsaí teilifíse a phlé le chéile. Abair leo go gcaithfidh gach duine tuairim a nochtadh faoi gach ceist sula mbogann siad ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile.
- Bí thusa ag siúl thart ag cuidiú le haon cheist a bheadh acu.
- Tar éis tamall a thabhairt dóibh chun na ceisteanna a phlé iarr ar dhaoine éagsúla na tuairimí a bhí ag na daoine eile sa ghrúpa a rá leat. Mar shampla:

    Féachann Siobhán ar an teilifís anois agus arís, nuair a bhíonn an t-am aici. B'fhearr léi a bheith ag léamh.

- Iarr orthu píosa a scríobh faoin chlár teilifíse nó an scannán is fearr leo agus abair leo go gceartóidh tusa dóibh é.

Feidhm: **Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine cén cineál leabhar a thaitníonn leo agus ag freagairt na ceiste sin**
Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine ar léigh siad leabhar faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 14.3 agus Bileog 14.4A agus B

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 14.3** orthu. Tabhair seans do gach beirt liosta a dhéanamh de na cineálacha leabhar ar fad atá le fáil. Pléigh an liosta seo le gach duine:

  Úrscéal/úrscéalta
  Gearrscéal/gearrscéalta
  Leabhair ghrinn
  Leabhair staire
  Dírbheathaisnéis/í
  Ficsean
  Leabhair bhleachtaireachta
  Leabhair fhicsean eolaíochta

- Ansin tabhair seans dóibh smaoineamh ar na cineálacha rudaí eile a bhíonn daoine ag léamh - mar shampla:

  Iris/í
  Irisleabhar/irisleabhair
  Nuachtán/nuachtáin
  Nuachtáin an Domhnaigh
  Filíocht
  Drámaí

- Scríobh na focail seo ar fad ar an chlár dubh. Faigh an stór focal ón rang an oiread agus is féidir:

  an t-údar, na húdair
  an scríbhneoir, na scríbhneoirí
  an file, na filí
  an t-iriseoir, na hiriseoirí
  an drámadóir, na drámadóirí

- Abair leo ansin go mbeidh siad ag éisteacht le hAoife Ní Chonchúir ag labhairt faoi leabhair agus an léitheoireacht a dhéanann sí de ghnáth.
- Léigh tríd na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leis an rang é.

- Bí cinnte go bhfuil an stór focal tábhachtach a bhí ar an téip ar eolas acu anois.

- Léigh an dá cheist atá sa bhosca agus cuir ceist ar an rang an dtuigeann siad iad. Cuir thusa na ceisteanna ar dhuine amháin sa rang le léiriú cad atá i gceist leis an ghníomhaíocht - mar shampla:

    - *A Shinéad, cén cineál leabhar a thaitníonn leat?*
    - *Is breá liom úrscéalta, go háirithe más úrscéalta grá iad. Agus tú féin, cén cineál leabhar a thaitníonn leatsa?*
    - *Is maith liomsa úrscéalta chomh maith. Ar léigh tú aon rud le Philip Roth?*
    - *Níor léigh. Ar léigh tusa aon rud le Margaret Atwood?*
    - *Léigh, is breá liom an leabhar. . .*

- Tabhair seans don rang ansin na ceisteanna a chur ar a chéile.
- Bí tú féin thart le cuidiú leo agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú ag deireadh na gníomhaíochta.

- Tabhair seans dóibh plé a dhéanamh ar na cúiseanna go n-athraíonn *stair* go *staire* sa chomhthéacs seo. Nuair atá tamall caite acu ag plé na gramadaí, pléigh thusa na pointí thíos leo. Faigh an oiread de na freagraí agus is féidir ó na foghlaimeoirí iad féin.

    - Is é an tuiseal ginideach uimhir uatha atá i gceist.
    - Is é an Béarla ar sin ná *genitive case*, úsáidtear é nuair a bhíonn *possession* i gceist.
    - Nuair a chríochnaíonn an focal atá le cur sa tuiseal ginideach le consan leathan, caolaítear é – *bád seoil*.
    - Nuair a chríochnaíonn an focal atá le cur sa tuiseal ginideach le consan caol cuirtear ***e*** leis – *clúdach irise*.
    - Níl sna pointí seo ach cuid de na rialacha a bhaineann leis an tuiseal ginideach gan an alt.
    - Ba cheart go mbeadh na foghlaimeoirí in ann an tuiseal ginideach a aithint faoin am seo.

  Freagraí:
  Clár faisnéise
  Clár ceoil
  Clár cainte
  **Leabhar grinn (athraíonn ae – i nuair a chaolaítear é)*
  Leabhar spóirt
  Leabhar beathaisnéise

- Iarr orthu ansin féachaint siar ar na focail sna boscaí ar **Bileog 14.1** agus ar na difríochtaí atá idir na focail atá díreach déanta acu féin agus na focail ar an bhileog sin.
- Pléigh an riail ghramadaí leis an rang ar fad ansin. Cuirtear séimhiú ar an fhocal (den chuid is mó) a leanann ainmfhocail le consan caol san uimhir iolra. Mar sin:

Freagraí:
Cláir fhaisnéise
Cláir cheoil
Cláir chainte
Leabhair ghrinn
Leabhair spóirt
Leabhair bheathaisnéise

- Scaip **Bileog 14.4A** agus **Bileog 14.4B** ar gach beirt.
- Mínigh don rang go mbeidh siad ag obair ina mbeirteanna ar dtús le léirmheas ar leabhar de chuid Phádraig Standún a léamh le chéile.
- Iarr orthu an réamhphlé a dhéanamh ar dtús agus éist thusa leis an méid a bheidh le rá acu – tabhair roinnt réamheolais dóibh.
- Mínigh dóibh go bhfuil an t-alt deacair go leor ach go bhfuil an ghluais ann le cuidiú leo agus abair leo gan a bheith buartha faoi gach focal a thuiscint – gur leor an *gist* a fháil.
- Tabhair seans do gach beirt an léirmheas a léamh le chéile. Iarr orthu sealanna a ghlacadh é a léamh amach os ard.
- Nuair atá an t-alt léite iarr orthu na ceisteanna 1-5 ar **Bileog 14.4B** a dhéanamh le chéile.
- Pléigh na ceisteanna sin leis an rang ar fad agus ansin iarr orthu tabhairt faoi na ceisteanna (a) – (c). Pléigh (a) leo agus spreag iad chun an stór focal nua a úsáid.

Freagraí:
(b) Clúdach bog atá i gceist. Is féidir clúdach crua a bheith ann chomh maith.

Feidhm: Ag cur ceiste faoi cad is ábhar do shaothar faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 14.5

- Scaip **Bileog 14.5** ar an rang agus iarr ar na foghlaimeoirí na leabhair is fearr a léigh siad riamh agus na leabhair is measa a léigh siad riamh a scríobh.
- Bíodh na teidil scríofa acu sna boscaí sula dtéann siad chun cainte leis na daoine eile sa rang.
- Caithfidh siad na ceisteanna 1-4 a chur ar gach duine sa rang.
- Ba cheart go mbeadh na comhráite mar seo:

  - *Cad é an leabhar is measa a léigh tú riamh?*
  - *Peig!*
  - *Cad is ábhar don leabhar sin arís? Ní dhearna mise ar scoil é!*
  - *Scéal faoi sheanbhean sa Ghaeltacht i gCiarraí. Bhí mise 13 bliana déag d'aois agus bhí sé an-leadránach!*

- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le gach duine de theaghlach Mhic Gearailt ag déanamh cur síos ar an leabhar is fearr a léigh siad.

- Cuir an téip ar siúl faoi dhó ar dtús agus bíodh spás ann dóibh idir an dá éisteacht le seans a thabhairt dóibh na freagraí a scríobh síos.
- Cuir an téip ar siúl an tríú huair agus má shíleann tú go bhfuil gá leis cuir stop leis an téip idir gach cainteoir.
- Pléigh na freagraí leis an rang iomlán ansin.

Feidhm: **Ag lorg tuairime duine**
Ag cur tuairimí in iúl
Ag aontú le tuairim duine
Ag easaontú le tuairim duine

Bileog 14.6A, 14.6B agus Bileog 14.7

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 14.6A** agus **14.6B** orthu.
- Léigh tríd na treoracha leo le bheith cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh.
- Tabhair seans do gach beirt an t-eolas faoi gach scríbhneoir a chur sna háiteanna cearta sa bhosca.

Freagraí:
(an bosca ar an chéad leathanach eile)

ainm	bliain	áit	saothar	eolas eile
Máirtín Ó Direáin	1910	Inis Mór, Co. na Gaillimhe	'Rogha Dánta' (1949)	Státseirbhíseach ab ea é.
Edna O'Brien	1930	Tuaim Gréine, Co. an Chláir	'The Country Girls' (1960)	Phós sí Seiceach sa bhliain 1954.
Seán Ó Ríordáin	1917	Baile Bhuirne, Co. Chorcaí	'Eireaball Spideoige' (1952)	Bhí eitinn air.
Nuala Ní Dhomhnaill	1952	Lancashire, Sasana	'Pharaoh's Daughter' (1981)	Bhí sí ina cónaí sa Tuirc.
Máirtín Ó Cadhain	1906	An Spidéal, Conamara	'Cré na Cille' (1949)	Bhí suim mhór aige sa sóisialachas.
John McGahern	1934	Baile Átha Cliath (ach tógadh i gCo. Liatroma é)	'The Barracks' (1963)	Briseadh as a phost é de bharr ábhar pornagrafach a bheith ina chuid leabhar.

- Pléigh thusa na freagraí leis an rang ar fad.
- Iarr orthu na scríbhneoirí is fearr leo a scríobh sna bearnaí agus ansin na ceisteanna a chur ar a chéile.
- Cuir thusa na ceisteanna céanna ar dhaoine éagsúla sa rang.
- Ceartaigh aon bhotún más gá.
- Ansin iarr orthu na dátaí sa dara colún a rá os ard le chéile – cabhraigh leo más gá.

-

Mol	***Ceannaigh***
Mholfainn	*Cheannóinn*
Mholfá	*Cheannófá*
Mholfadh sé/sí	*Cheannódh sé/sí*
Mholfaimis	*Cheannóimis*
Mholfadh sibh	*Cheannódh sibh*
Mholfaidís	*Cheannóidís*

- Nuair atá na briathra sin pléite scríobh an dá bhriathar caola seo ar an chlár dubh – ‘Bris’ agus ‘Réitigh’ agus abair leo iarracht a dhéanamh iad a chur sa Mhodh Coinníollach i ngach pearsa.

Freagraí:

Bhrisfinn	*Réiteoinn*
Bhrisfeá	*Réiteofá*
Bhrisfeadh sé/sí	*Réiteodh sé/sí*
Bhrisfimis	*Réiteoimis*
Bhrisfeadh sibh	*Réiteodh sibh*
Bhrisfidís	*Réiteoidís*

- Cuir gach duine i ngrúpaí de thriúr agus scaip **Bileog 14.7** orthu.
- Léigh tríd na treoracha leis an rang ar fad. Mínigh dóibh go gcaithfidh gach duine tuairim a thabhairt ar na ráitis ar fad ar an bhileog. Caithfidh siad chomh maith tús a chur lena dtuairimí le frása amháin ón chiorcal ar bharr an leathanaigh.
- Abair leo chomh maith go gcaithfidh gach duine sa ghrúpa a thuairim a nochtadh ar an chéad ráiteas sula mbogann siad ar aghaidh go dtí an chéad cheann eile.
- Bí tú féin ag siúl thart i gcónaí le cuidiú leo.
- Tar éis tamall maith cainte a bheith déanta acu pléigh na ráitis leis an rang ar fad.
- Ceartaigh aon bhotún más gá.